

Treoir don iarrthóir **Bunachar sonraí i réimse na bhfoirgneamh (Grúpa Feidhme III)**

Chun d'iarratas a thíolacadh don bhunachar sonraí seo, ní mór duit cuntas a bheith agat ar ardán APPLY4EP. Is é an t-ardán sin an t-aon bhealach chun iarratas a thíolacadh.

Cruthaigh cuntas

Ní féidir leat ach aon chuntas amháin a chruthú.

Chun do chuntas a chruthú, téigh go dtí an leathanach <https://apply4ep.gestmax.eu> agus léigh go cúramach an teachtaireacht atá ann.

Déan iarratas

Cliceáil ar dtús ar *Déan iarratas ar líne*. Cuir isteach an fhaisnéis éigeantach go léir lena ngabhann réiltín.

Cliceáil ansin ar *An chéad chéim eile*. Déan uaslódáil ar do Curriculum Vitae i bhformáid Europass agus comhlánaigh na dearbhuithe.

Ina dhiaidh sin, cliceáil ar *An chéad chéim eile* agus comhlánaigh gach cuid den Fhoirm iarratais lena ngabhann réiltín.

Sa réimse *Cúraimí* a bhaineann le do thaithí ghairmiúil, ní mór duit an cód “INText” a chur isteach ar dtús má tá taithí faighte agat thar lear nó in eagraíocht idirnáisiúnta, agus ansin déan cur síos ar a raibh i gceist leis an ról a bhí agat. Ní mór duit na doiciméid ábhartha go léir a uaslódáil (e.g. teistiméireacht ó iar-fhostóirí, litir earcaíochta, sainchuntas poist, conradh, duillín pá etc.) in aon doiciméad amháin, i bhformáid pdf.

Chun taithí ghairmiúil eile a chur isteach, cliceáil ar *An dteastaíonn uait taithí eile a chur isteach?* Is féidir leat suas le 12 chás de thaithí ghairmiúil a chur isteach ar a mhéad.

Léirigh na teastais mheánoideachais agus na cáilíochtaí ollscoile atá bainte amach agat (luaigh an grád iomchuí i Laidin do na cáilíochtaí ollscoile), mar aon leis an toradh deiridh a bhí agat i do chéim, sa réimse *Teideal na céime*.

Aon doiciméad eile a sheoltar, gan beann ar a bhfuil ann, seachas na doiciméid a cheanglófar leis an iarratas ar líne, ní chuirfear san áireamh iad.

Seiceáil do chuntas go rialta. Bí cinnte na sonraí pearsanta atá cláraithe agat a choimeád cothrom le dáta, go háirithe d'uimhir ghutháin agus do sheoladh ríomhphoist. Go deimhin, d'fhéadfadh na seirbhísí earcaíochta iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil leat trí ghlaó gutháin nó trí ríomhphost. Is féidir leat do shonraí pearsanta a choimeád cothrom le dáta ar an táb *Mo chuntas*.

Comhionannas deiseanna

Glacann Parlaimint na hEorpa fíorchúram chun gach cineál d'idirdhealú a sheachaint.

Is fostóir comhionannais deiseanna í agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith i do dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó imthosca teaghlaigh.

Aon tagairt sa treoir seo do dhuine den ghnéas fireann measfar freisin gur tagairt í do dhuine den ghnéas baineann, agus a mhalairt go cruinn.

Cosaint sonraí pearsanta

Déanann Parlaimint na hEorpa, ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as eagrú nósanna imeachta roghnúcháin, a áirithiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i ndlúthchomhlíonadh Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nadúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 295, 21.11.2018*), go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

CÓID SPEISIALTA

Is é is aidhm do na cóid thíos (e.g. [TArch], *idem* i ngach teanga) ná go mbeifí in ann iarrthóirí a shainaitint a bhfuil scileanna teicniúla sonracha acu. Iarrtar ar na hiarrthóirí na cóid seo a úsáid ina n-iarratas (más infheidhme, faoin roinn “Taithí Ghairmiúil” agus/nó “Oideachas agus Oilíúint”) chun béim a leagan ar scileanna áirithe nuair atá cur síos á dhéanamh acu ar thaithí ghairmiúil agus/nó ar oideachas agus oilíúint. Féadfaidh na hiarrthóirí roinnt cóid a úsáid ag brath ar an gcúlra atá acu.

Bainistiú foirgneamh - Teicneoir i réimse na bhfoirgneamh - FG III

Cóid speisialtóireachta le húsáid, más infheidhme:

- [TArch] Ailtireacht, dearadh intí
- [TRef] Athchóiriú agus bailchríochnú
- [TStru] Struchtúr
- [TElec] Leictreachas meánvoltais & ísealvoltais
- [THvac] Téamh-Aeráil-Aerchóirúchán
- [TIfir] Bonneagar sábháilteachta dóiteáin
- [TIbms] Córas Bainistithe Foirgneamh
- [TCstr] Tógáil, bainistiú láithreán
- [TFm] Bainistiú saoráidí - saothrú
- [TImms] Córas Bainistithe Cothabhála
- [TGcad] Tacaíocht ghrafaice - dearadh ríomhchuidithe
- [TGbim] Tacaíocht ghrafaice - samhaltú faisnéise foirgneamh
- [TSafe] Comhordú sábháilteachta agus cúrsaí sláinte
- [TCouns] Comhairleoireacht choisctheach

Samplaí léiritheacha d'úsáid na gcód a luaitear sa phointe "Iarratais a chur isteach".

Taithí ghairmiúil

Déan cur síos ar do thaithí ábhartha ag tosú leis an taithí is déanaí

Tús *	<input type="text" value="01/09/2000"/>
Taithí atá á fáil	<input checked="" type="checkbox"/>
Ainm an fhostóra *	<input type="text" value="An Coimisiúin Eorpach"/>
Seoladh an fhostóra *	<input type="text" value="Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, An Bheilg"/>
Ról *	<input type="text" value="Innealtóir, leictreoir"/>
A bhfuil i gceist leis an ról *	<input type="text" value="TElec, THvac, TImms
Trealamh aerchóiriúcháin agus suiteálacha leictreicniúla agus bainistíocht airgeadais a mhaoirsiú. Cúraimí a bhaineann le cothabháil foirgneamh (GMAO, HVAC, etc.)"/>
Doiciméad tacaíochta *	<input type="text" value="ROGHNAIGH DOICIMÉAD"/>
Ar mhaith leat taithí eile a chur leis? *	<input type="text" value="- Gan roghnú -"/>

Cáilíochtaí oideachais

Cuir in iúl an diplóma is airde atá agat anseo. Is féidir diplómaí eile a chur leis.

Leibhéal na cáilíochta *	<input type="text" value="Máistreacht"/>
Teideal na cáilíochta *	<input type="text" value="TElec - Máistreacht in Eolaíocht na hInnealtóireachta Leictrí"/>
Réimse na cáilíochta *	<input type="text" value="Ailtireacht agus tógáil"/>
Dáta bronnta na cáilíochta *	<input type="text" value="30/06/1999"/>
Cóip den teastas cáilíochta *	<input type="text" value="ROGHNAIGH DOICIMÉAD"/>
Ar mhaith leat cáilíochtaí eile oideachais a chur leis? *	<input type="text" value="- Gan roghnú -"/>
Foilseacháin	<input type="text"/>